C/2025/3958

20.8.2025

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Iúil 2025

lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na hOstaire

(C/2025/3958)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach [1], agus go háirithe Airteagal 17 de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún,

De bharr an mhéid seo a leanas:

BREITHNITHE GINEARÁLTA

(1) Tháinig creat rialachais eacnamaíoch athchóirithe an Aontais i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024. Rialachán (AE) 2024/1263, mar aon le Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 leasaithe maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach a chur chun feidhme [2], agus le Treoir 2011/85/AE leasaithe ón gComhairle maidir le creataí buiséadacha na mBallstát [3], is croíghnéithe de chreat rialachais eacnamaíoch athchóirithe an Aontais iad. Is é is aidhm don chreat airgeadas poiblí atá fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Cuirtear úinéireacht náisiúnta chun cinn ann freisin agus béim níos mó á leagan ar an meántéarma; ina theannta sin, féachtar ann leis na rialacha a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí.

(2) Na pleananna fioscacha-struchtúracha meántéarmacha náisiúnta a chuireann na Ballstáit faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, tá siad i gcroílár an chreata rialachais eacnamaíoch nua. Ba cheart dhá chuspóir a bhaint amach leis na pleananna: (i) a áirithiú, *inter alia*, faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, go mbeidh an t-ollfhiachas rialtais ag imeacht ar chonair inchreidte anuas, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama, agus go dtabharfar agus go gcoinneofar an t-easnamh rialtais faoi bhun luach tagartha 3 % de OTI sa mheántéarma, agus (ii) a áirithiú go ndéanfar athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagrófar na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus lena dtabharfar aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais. Chuige sin, tá gealltanas meántéarmach i leith conair ghlanchaiteachais [4] le bheith i ngach plean, gealltanas lena mbunaítear go bunúsach srian buiséid ar feadh ré an phlean, lena gcumhdaítear 4 nó 5 bliana (ag brath ar an ngnáth-théarma reachtach i mBallstát). Ina theannta sin, tá míniú le tabhairt sa phlean ar an gcaoi a n-áiritheoidh an Ballstát go soláthrófar athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagrófar na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe sna moltaí tírshonracha (lena n-áirítear na moltaí sin a bhaineann leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, más infheidhme), agus ar an gcaoi a dtabharfaidh an Ballstát aghaidh ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais. Tréimhse 4 bliana a chumhdaítear leis an tréimhse le haghaidh coigeartú fioscach, a bhféadfar síneadh suas le 3 bliana a chur léi má thugann an Ballstát gealltanas tacar athchóirithe agus infheistíochtaí ábhartha a sholáthar lena gcomhlíontar na critéir a leagtar amach in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2024/1263.

(3) Tar éis an plean a chur isteach, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263.

---

[1] Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

[2] Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L, 2024/1264, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1264/oj).

[3] Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L, 2024/1265, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1265/oj).

[4] Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2024/1263 é, is é sin caiteachas rialtais atá glan (i) ar chaiteachas úis, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, (v) ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

(4) Ina dhiaidh sin, ar mholadh a fháil ón gCoimisiún, tá an Chomhairle le moladh a ghlacadh chun conair ghlanchaiteachais an Bhallstáit lena mbaineann a leagan síos agus, i gcás inarb infheidhme, formhuiniú a dhéanamh ar an tacar gealltanas um athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn faoi shíneadh leis an tréimhse coigeartaithe fhioscaigh.

NA BREITHNITHE MAIDIR LE PLEAN FIOSCACH-STRUCHTÚRACH MEÁNTÉARMACH NÁISIÚNTA NA hOSTAIRE

(5) An 13 Bealtaine 2025, chuir an Ostair a plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin. Tíolacadh an plean tar éis síneadh a chur leis an sprioc-am a leagtar amach in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2024/1263, mar a comhaontaíodh leis an gCoimisiún i bhfianaise na cúise a chuir an Ostair in iúl, is é sin gur mhair an chaibidlíocht maidir le rialtas nua a bhunú, tar éis na n-olltoghchán san Ostair an 29 Meán Fómhair 2024, níos faide ná mar a bhí coinne leis ar dtús.

An próiseas sular tíolacadh an plean

(6) Chun bonn a chur faoin idirphlé a bhí le déanamh sula dtíolacfaí an plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta, sheol an Coimisiún, an 18 Nollaig 2024, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1263, an chonair thagartha ([5]) chuig an Ostair. D'fhoilsigh an Coimisiún an chonair thagartha an 13 Bealtaine 2025 ([6]). Tá an chonair thagartha bunaithe ar na rioscaí atá ann agus áirithítear léi, faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe fhioscaigh agus in éagmais bearta buiséadacha breise tar éis na tréimhse coigeartúcháin, go mbeidh an t-ollfhiachas rialtais ar chonair inchreidte anuas nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama sa mheántéarma, agus go dtabharfar an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de OTI i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin agus go gcoinneofar é faoi bhun an luacha tagartha sin sa mheántéarma. Is é an sainmhíniú atá ar 'an meántéarma' sa chomhthéacs seo an tréimhse 10 mbliana tar éis dheireadh na tréimhse coigeartúcháin. I gcomhréir le hAirteagal 6, pointe (d), agus le hAirteagail 7 agus 8 de Rialachán (AE) 2024/1263, tá an chonair thagartha comhsheasmhach freisin leis an tagarmharc easnaimh, leis an gcoimirce inbhuanaitheachta fiachais, agus leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh.

I gconair thagartha na hOstaire, leagtar amach nár cheart fás níos mó ná na luachanna a luaitear i dTábla 1 teacht ar an nglanchaiteachas, agus sin bunaithe ar thoimhdí an Choimisiúin atá mar bhonn leis an réamhthreoir a tugadh i mí na Nollag 2024, agus ar an tuiscint gur tréimhse choigeartúcháin 7 mbliana a bheidh ann. Chomhfhreagair an méid sin do mheánfhás 2,3 % ar an nglanchaiteachas le linn na tréimhse coigeartúcháin (2025–2031) agus do mheánfhás 2,2 % le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean (2025–2029).

Tábla 1: Conair thagartha arna soláthar ag an gCoimisiún don Ostair an 18 Nollaig 2024

	2025	2026	2027	2028	2029	2030	2031	Meánfhás 2025–2029	Meánfhás 2025–2031
Fás uasta glanchaiteachais (bliantúil, %)	2,0	1,7	2,4	2,4	2,5	2,6	2,7	2,2	2,3

Foinse: Ríomhanna an Choimisiúin.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2024/1263, chuaigh an Ostair agus an Coimisiún i mbun idirphlé teicniúil ó mhí an Mhárta go mí na Bealtaine 2025. Bhí an t-idirphlé dírithe ar an gconair ghlanchaiteachais atá beartaithe ag an Ostair agus na toimhdí ar a bhfuil sí bunaithe, ar an tacar gealltanas atá beartaithe i leith athchóirithe agus infheistíochtaí ar ar a mbonn a chuirfí síneadh leis an tréimhse choigeartúcháin (cuir i gcás athchóirithe lena n-ardaítear an aois scoir iarbhír agus lena gcuirtear borradh faoi rannpháirtíocht sa mhargadh saothair), agus ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a bhfuil sé beartaithe iad a thabhairt i gcrích mar fhreagairt ar na príomhdhúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais maidir leis an aistriú cóir glas agus digiteach, an athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, an tslándáil fuinnimh agus méadú na gcumas cosanta.

(8) I mí an Mheithimh 2024 agus i mí an Mhárta 2025, i gcomhréir le hAirteagal 11(3) agus le hAirteagal 36(1), pointe (c) de Rialachán (AE) 2024/1263, chuaigh an Ostair i mbun próiseas comhairliúcháin leis an tsochaí shibhialta, le comhpháirtithe sóisialta, le húdaráis réigiúnacha agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile.

([5]) Sa réamhthreoir a tarchuireadh chuig na Ballstáit agus chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, áirítear conaire i gcás nach gcuirtear síneadh leis an tréimhse choigeartúcháin agus conaire i gcás ina gcuirtear síneadh léi (lena gcumhdaítear tréimhsí 4 bliana agus 7 mbliana, faoi seach). Áirítear inti freisin na príomhchoinníollacha tosaigh agus na toimhdí bunúsacha a úsáidtear i gcreat réamh-mheasta fiachais rialtais mheántéarmaigh an Choimisiúin Eorpaigh. Ríomhadh an chonair thagartha ar bhonn na modheolaíochta a thuairiscítear in *Debt Sustainability Monitor 2023* [Tuarascáil Faireacháin an Choimisiúin ar Inbhuanaitheacht Fiachais 2023] (https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/debt-sustainability-monitor-2023_ga). Is ar Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún agus ar a síneadh meántéarmach suas le 2034 atá sí bunaithe, agus tá fás fadtéarmach OTI agus na costais aosaithe i gcomhréir le Tuarascáil chomhpháirteach 2024 ón gCoimisiún agus ón gComhairle maidir le hAosú (https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/2024-ageing-report-economic-and-budgetary-projections-eu-member-states-2022-2070_ga).

([6]) https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/national-medium-term-fiscal-structural-plans_ga#Austria.

(9) Cuireadh an plean faoi bhráid na parlaiminte náisiúnta an 13 Bealtaine 2025 agus pléadh é i gcoistí parlaiminteacha ina dhiaidh sin.

Próisis ghaolmhara eile

(10) An 8 Iúil 2025, in éineacht leis an Moladh seo lena bhformhuinítear an plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta, shuigh an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún, go bhfuil easnamh iomarcach ann san Ostair mar gheall ar neamhchomhlíonadh an chritéir easnaimh, agus ghlac sí Moladh faoi Airteagal 126(7) CFAE d'fhonn deireadh a chur le heasnamh rialtais iomarcach san Ostair ([7]). Trí na moltaí sin a ghlacadh go comhuaineach, áirithítear comhsheasmhacht idir na conairí coigeartúcháin atá molta.

(11) An 13 Bealtaine 2025, thíolaic an Ostair a Dréachtphlean Buiséadach le haghaidh 2025-2026. Ghlac an Coimisiún tuairim maidir leis an Dréachtphlean Buiséadach sin an 23 Meitheamh 2025 ([8]).

(12) An 8 Iúil 2025, chuir an Chomhairle tacar moltaí tírshonracha faoi bhráid na hOstaire i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh ([9]).

ACHOIMRE AR AN bPLEAN AGUS MEASÚNÚ AN CHOIMISIÚIN AIR SIN

(13) I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2024/1263, rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean mar a leanas:

Comhthéacs: an staid agus an t-ionchas maicreacnamaíoch agus fioscach

(14) Tháinig laghdú 1,0 % ar ghníomhaíocht eacnamaíoch san Ostair in 2024, de dheasca laghdú ar infheistíocht agus tomhaltas marbhánta. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, meastar go dtiocfaidh laghdú 0,3 % ar an ngeilleagar in 2025, i gcomhthéacs infheistíochtaí atá ag titim agus glan-onnmhairí diúltacha. In 2026, meastar go dtiocfaidh méadú 1,0 % ar an bhfíor-OTI, trí thomhaltas príobháideach neartaithe agus fás infheistíochta a mheastar a bheidh dearfach faoin am sin. Le linn na tréimhse réamhaisnéise (2025–2026), meastar go dtiocfaidh laghdú 0,3 % ar fhás an OTI fhéideartha san Ostair ar an meán, de dheasca infheistíocht lag, athrú déimeagrafach agus tháirgiúlacht marbhánta na bhfachtóirí uile. Ba é 5,2 % an ráta dífhostaíochta in 2024, agus is é réamh-mheastachán an Choimisiúin gur 5,3 % a bheidh ann in 2025 agus gur 5,2 % a bheidh ann in 2026. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an díbhoilsceoir OTI ó 3,1 % in 2024 go 3,5 % in 2025, agus go dtiocfaidh laghdú air go 2,2 % in 2026.

(15) Maidir le forbairtí fioscacha, ba é 4,7 % de OTI easnamh rialtais ghinearálta na hOstaire in 2024. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, meastar go dtiocfaidh laghdú air sin go 4,4 % de OTI in 2025 agus go dtiocfaidh laghdú breise air go 4,2 % de OTI in 2026. Áirítear i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún príomhbhearta comhdhlúthaithe dhréachtbhuiséad na hOstaire do 2025 agus 2026, a mhol an rialtas don pharlaimint náisiúnta i mí na Bealtaine 2025. Ag deireadh 2024, bhí t-ollfhiachas rialtais cothrom le 81,8 % de OTI. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, meastar go dtiocfaidh méadú ar an gcóimheas fiachais go 84,0 % de OTI i ndeireadh 2025 agus go 85,8 % i ndeireadh 2026. Sa réamhaisnéis fhioscach ón gCoimisiún, ní aithnítear gealltanais bheartais arna dtabhairt sna pleananna fioscacha-struchtúracha meántéarmacha mura bhfuil bearta nithiúla beartais a fhógraítear ar bhealach inchreidte agus atá sách mionsonraithe mar bhonn taca leo.

An chonair ghlanchaiteachais agus na príomhthoimhdí maicreacnamaíocha sa phlean

(16) I bplean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na hOstaire, cumhdaítear an tréimhse 2025–2029 agus cuirtear coigeartú fioscach thar thréimhse 7 mbliana i láthair.

(17) Tá an fhaisnéis uile a cheanglaítear le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2024/1263 sa phlean.

(18) Tugtar gealltanas sa phlean maidir leis an gconair ghlanchaiteachais a léirítear i dTábla 2, a fhreagraíonn do mheánfhás glanchaiteachais 2,3 % i gcaitheamh na tréimhse 2025-2029. Ina theannta sin, tugann an Ostair gealltanas maidir le tacar athchóirithe agus infheistíochtaí d'fhonn síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin go 7 mbliana (2025–2031), a meastar go dtiocfaidh meánfhás 2,3 % ar an nglanchaiteachas lena linn. Tríd is tríd, an meánfhás glanchaiteachais a thuairiscítear sa phlean don tréimhse coigeartúcháin (2025–2031), tá sé ag teacht leis an gconair thagartha a tharchuir an Coimisiún an 18 Nollaig 2024. Toimhdítear sa phlean go

([7]) Moladh ón gComhairle maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann san Ostair, (ST 10347/25), Moladh ón gComhairle d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach san Ostair, (ST 10348/25).
([8]) Tuairim ón gCoimisiún maidir le Dréachtphlean Buiséadach na hOstaire, 23.6.2025, C(2025) 4106 final.
([9]) Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na hOstaire, IO C, C/2025/3994, 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3994/oj.

dtiocfaidh méadú 1,1 % ar an bhfás OTI fhéideartha in 2025 ó 0,4 % in 2024 agus go bhfanfaidh sé cobhsaí ag 1,1 % ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, meastar sa phlean go dtiocfaidh laghdú ar ráta fáis an díbhoilsceora OTI ó 3,1 % in 2024 go 2,4 % in 2025 agus go 2 % in 2026, sula dtiocfaidh méadú beag air go 2,1 % idir 2027 agus 2029.

Tábla 2: An chonair ghlanchaiteachais agus na príomhthoimhdí i bplean na hOstaire

						Síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin			
	2025	2026	2027	2028	2029	2030	2031	Meánfhás i rith thréimhse bhailíochta an phlean 2025-2029	Meánfhás i rith na tréimhse coigeartúcháin 2025-2031
Fás glanchaiteachais (bliantúil, %)	2,6	2,2	2,2	2,0	2,3	2,4	2,4	2,3	2,3
Fás glanchaiteachais (ar bhonn carnach, ón mbonnbhliain 2024, %)	2,6	4,8	7,2	9,4	11,9	14,5	17,3	n.b.	n.b.
Fás OTI fhéideartha (%)	1,1	1,1	1,1	1,1	1,1	1,1	1,1	1,1	1,1
Boilsciú (fás díbhoilsceora OTI) (%)	2,4	2,0	2,1	2,1	2,1	2,2	2,2	2,1	2,2

Foinse: Plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na hOstaire agus ríomhanna an Choimisiúin.

Impleachtaí ghealltanais ghlanchaiteachais an phlean maidir leis an ollfhiachas rialtais

(19) De réir an phlean, dá dtiocfadh an chonair ghlanchaiteachais a dtugtar gealltanas ina leith sa phlean agus na toimhdí is bonn léi chun cinn go hiarbhír, mhéadódh an t-ollfhiachas rialtais ar dtús go dtí 2028, tráth a bhainfí buaicphointe amach, is é sin 86,8 % de OTI. Ó 2029 ar aghaidh, meastar go dtiocfaidh laghdú 0,8 pointe céatadáin de OTI ar an meán air de réir a chéile faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin in 2031, mar a leagtar amach an tábla seo a leanas. Sa mheántéarma, meastar go leanfaidh an fiachas de bheith ag laghdú faoi 1,3 pointe céatadáin de OTI in aghaidh na bliana, rud a fhágfadh gur 71,2 % de OTI a bheadh ann faoi 2041.

Tábla 3: Forbairtí maidir le hollfhiachas rialtais agus comhardú rialtais ghinearálta i bplean na hOstaire

	2024	2025	2026	2027	2028	2029	2030	2031	2041
Fiachas rialtais (% de OTI)	81,8	84,3	85,9	86,6	86,8	86,5	85,7	84,4	71,2
Comhardú rialtais (% de OTI)	- 4,7	- 4,7	- 4,2	- 3,6	- 3,0	- 2,5	- 2,1	- 1,6	- 1,4

Foinse: Plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na hOstaire.

Dá bhrí sin, de réir an phlean, bheadh cóimheas an ollfhiachais rialtais ar chonair anuas faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin (2031). Tá sin inchreidte ós rud é go meastar, bunaithe ar thoimhdí an phlean, go dtiocfaidh laghdú ar an bhfiachas i gcaitheamh na 10 mbliana tar éis na tréimhse coigeartúcháin de réir gach tástála struis cinnteachaíche in anailís an Choimisiúin ar inbhuanaitheacht an fhiachais, agus go léiríonn na réamh-mheastacháin stocastacha go bhfuil dóchúlacht leordhóthanach ann go dtiocfadh laghdú ar an bhfiachas. Dá bhrí sin, bunaithe ar

ghealltanais bheartais agus toimhdí maicreacnamaíocha an phlean, tá an chonair ghlanchaiteachais a chuirtear chun tosaigh sa phlean comhsheasmhach leis an gceanglas maidir le fiachas mar a leagtar amach in Airteagal 6, pointe (a), agus in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/1263 é.

Impleachtaí ghealltanais ghlanchaiteachais an phlean maidir le comhardú an rialtais ghinearálta

(20) Bunaithe ar chonair ghlanchaiteachais agus toimhdí an phlean, bheadh an t-ollfhiachas rialtais ard fós ag 4,7 % de OTI in 2025, agus ansin thiocfadh laghdú air de réir a chéile ó 2026 ar aghaidh. Meastar nach sáróidh an t-easnamh an luach tagartha 3 % de OTI a thuilleadh in 2028 agus meastar go leanfaidh sé de bheith ag laghdú le linn na tréimhse coigeartúcháin.

Dá bhrí sin, de réir an phlean, ní sháródh an comhardú rialtais ghinearálta an luach tagartha 3 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2031).

Ina theannta sin, sna 10 mbliana tar éis na tréimhse coigeartúcháin (i.e. go dtí 2041), ní sháródh an t-easnamh rialtais 3 % de OTI.

Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus toimhdí maicreacnamaíocha an phlean, tá an chonair ghlanchaiteachais a chuirtear chun tosaigh sa phlean comhsheasmhach leis an gceanglas maidir leis an easnamh mar a leagtar amach in Airteagal 6, pointe (b), agus in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/1263 é.

Próifíl ama an choigeartaithe fhioscaigh

(21) Próifíl ama an choigeartaithe fhioscaigh, arna tomhas mar an t-athrú bliantúil ar an gcomhardú príomha struchtúrach, mar a thuairiscítear sa phlean, is próifíl líneach ar an mórgóir í, mar a cheanglaítear le hAirteagal 6, pointe (c) de Rialachán (AE) 2024/1263. Ina theannta sin, an coigeartú fioscach i gcaitheamh na chéad 5 bliana den phlean, tá sé beagán níos mó ná comhréireach leis an iarracht choigeartúcháin iomlán.

Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus toimhdí maicreacnamaíocha an phlean, tá an chonair ghlanchaiteachais a chuirtear ar aghaidh sa phlean comhsheasmhach leis an gclásal coimirce maidir le siarchoinneáil a chosc, a leagtar amach in Airteagal 6, pointe (c), de Rialachán (AE) 2024/1263.

Tábla 4: Forbairtí maidir le comhardú príomha struchtúrach i bplean na hOstaire

	2024	2025	2026	2027	2028	2029	2030	2031
Príomhchomhardú struchtúrach (% de OTI)	- 2,4	- 1,9	- 1,4	- 0,9	- 0,3	0,2	0,7	1,2
Athrú ar an bpríomhchomhardú struchtúrach (pointí céatadáin)	n.b.	0,5	0,5	0,5	0,6	0,5	0,5	0,5

Foinse: Plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na hOstaire.

Comhsheasmhacht an phlean leis an nós imeachta um easnamh iomarcach

(22) An chonair ghlanchaiteachais a leagtar amach sa phlean, tá sí i gcomhréir leis na ceanglais faoin nós imeachta um easnamh iomarcach (go háirithe leis an gcoigeartú struchtúrach bliantúil íosta a bhunaítear mar thagarmharc in Airteagal 3(4), an tríú fomhír de Rialachán (CE) 1467/97 ón gComhairle).

Comhsheasmhacht an phlean leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh

(23) An ceanglas den chuid choisctheach a leagtar amach in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2024/1263 maidir leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh, arb é is aidhm dó corrlach coiteann a sholáthar i gcoibhneas leis an luach tagartha easnaimh 3 % de OTI, tá feidhm aige maidir leis an Ostair ó 2029 ar aghaidh, ós rud é go meastar nach sáróidh an t-easnamh 3 % de OTI a thuilleadh ó 2028 ar aghaidh. In 2029, 2030 agus 2031, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2024/1263, níor cheart an coigeartú bliantúil ar an bpríomhchomhardú struchtúrach a bheith níos lú ná 0,25 pointe céatadáin de OTI más rud é gur fhan an t-easnamh struchtúrach os cionn 1,5 % de OTI an bhliain roimhe sin, chun corrlach coiteann athléimneachta 1,5 % de OTI a bhaint amach i dtéarmaí struchtúracha. Is é 0,5 % de OTI luach an choigeartaithe fhioscaigh a eascraíonn as gealltanais bheartais agus toimhdí maicreacnamaíocha an phlean don tréimhse idir 2029 agus 2031. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus toimhdí maicreacnamaíocha an phlean, tá an chonair ghlanchaiteachais a chuirtear chun tosaigh sa phlean comhsheasmhach leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh.

Comhsheasmhacht an phlean leis an gcoimirce inbhuanaitheachta fiachais

(24) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2024/1263, ós rud é go mbeidh an t-ollfhiachas rialtais idir 60 % agus 90 % de OTI i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin de réir an phlean, ní mór an cóimheas fiachais a laghdú 0,5 pointe céatadáin ar a laghad ar an meán in aghaidh na bliana go dtí go dtitfidh sé faoi bhun 60 %. Ríomhtar an meánlaghdú sin thar an tréimhse 2029–2031, i.e. ag tosú sa bhliain ina n-aisghairfí an nós imeachta um easnamh iomarcach de réir an phlean, agus is é 0,8 pointe céatadáin luach an mheánlaghdaithe sin. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus toimhdí maicreacnamaíocha an phlean, tá an chonair ghlanchaiteachais a chuirtear chun tosaigh sa phlean comhsheasmhach leis an gcoimirce inbhuanaitheachta fiachais.

Toimhdí maicreacnamaíocha an phlean

(25) Tá an plean bunaithe ar shraith toimhdí atá éagsúil leis na toimhdí ón gCoimisiún a tarchuireadh chuig an Ostair an 18 Nollaig 2024. Go sonrach, úsáidtear toimhdí éagsúla sa phlean le haghaidh ceithre athróg, mar atá an túsphointe (maidir leis an gcomhardú príomha struchtúrach, leis an gcomhardú rialtais ghinearálta, le sciar an chaiteachais phríomhúil de OTI agus leis an ollfhiachas rialtais), fás OTI fhéideartha, fás fíor-OTI agus an díbhoilsceoir OTI. Tugtar measúnú ar na difríochtaí sin idir na toimhdí thíos.

Liostaítear thíos na difríochtaí idir na toimhdí a bhfuil an tionchar is mó acu ar an meánfhás glanchaiteachais, mar aon le measúnú ar gach difríocht arna breithniú ina haonar.

— Úsáidtear sonraí olltoraidh 2024 sa phlean le haghaidh an túsphointe. In 2024, - 2,4 % de OTI a bhí sa chomhardú príomha struchtúrach, - 4,7 % de OTI a bhí sa chomhardú rialtais ghinearálta, 81,8 % de OTI a bhí san ollfhiachas rialtais, agus 54,8 % a bhí i sciar an chaiteachais phríomhúil de OTI. Fágann an méid sin gur lú an meánfhás glanchaiteachais i gcaitheamh thréimhse choigeartúcháin an phlean ná mar a thoimhdigh an Coimisiún. Bunaíodh an chonair thagartha ar Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún, inar measadh go raibh an comhardú príomha struchtúrach cothrom le - 1,3 % de OTI, an comhardú rialtais ghinearálta cothrom le - 3,6 % de OTI, an t-ualach fiachais cothrom le 79,5 % de OTI, agus go raibh sciar an chaiteachais phríomhúil de OTI cothrom le 52,9 %. Tá na sonraí is déanaí atá ar fáil á n-úsáid ag an Ostair agus tá údar cuí leis an difríocht sin.

— Toimhdítear sa phlean go dtiocfaidh fás rianúil ar an OTI féideartha le linn na tréimhse 2025–2041. I gcomparáid le toimhdí an Choimisiúin, is méadú é sin ar an bhfás féideartha i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin agus, dá bhrí sin, fágann sé go mbeidh meánfhás glanchaiteachais níos airde ann. Bíonn tionchar nach beag ag an timthriall gnó ar mheastacháin ar fhás féideartha neamhbhraite, agus tá sé inchreidte go gcuireann an cúlú eacnamaíoch san Ostair ó bhí 2023 ann leis an treocht anuas maidir le fás féideartha measta. Féadtar toimhdí malartacha fáis fhéideartha a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 36, mír (1), pointe (f), de Rialachán (AE) 2024/1263, ar choinníoll go bhfuil an fás carnach thar an tréimhse réamh-mheasta (i.e. suas le 2041) i gcomhréir, tríd is tríd, le toimhdí an Choimisiúin, rud is amhlaidh sa phlean. Dá réir sin, meastar go bhfuil údar cuí leis an toimhde sin.

— Toimhdítear sa phlean go mbeidh fás fíor-OTI níos ísle ná mar a thoimhdítear sa chonair thagartha. An t-ionchas maicreacnamaíoch atá ag dul in olcas is cúis leis sin. Mar sin féin, sa réamhaisnéis is déanaí ó WIFO, institiúid fhioscach neamhspleách ar a mbraitheann an Aireacht Airgeadais le haghaidh pleanáil bhuiséadach, áirítear iarracht comhdhlúthaithe fhioscaigh 1,2 % de OTI in 2025. Chun críche an phlean, is gá an bunráta fáis a bheadh ann in éagmais na hiarrachta comhdhlúthaithe sin a dhíorthú. Chun é sin a dhéanamh, chuir an Ostair iolraitheoir fioscach caighdeánach an Choimisiúin i bhfeidhm, is é sin 0,75, maidir leis an iarracht chomhdhlúthaithe mar chéatadán de OTI agus chuir sí é sin leis an ráta fáis. Is é an toradh atá air sin gurb é 0,6 % an bunráta fáis in 2025 gan aon chomhdhlúthú fioscach, luach atá fós faoi bhun an ráta fáis a thoimhdítear maidir leis an gconair thagartha. Sa phlean, geallann an Ostair coigeartú fioscach 0,5 % a dhéanamh in 2025, rud a mheastar a laghdóidh fás fíor-OTI (bunaithe ar an iolraitheoir fioscach caighdeánach 0,75) go 0,2 %. Níl aon tionchar díreach ag athrú an ráta fáis fíor-OTI ar fhás glanchaiteachais. Ar an mórgóir, meastar go bhfuil údar cuí leis an toimhde sin.

— Toimhdítear sa phlean go mbeidh an díbhoilsceoir OTI 0,1 pointe céatadáin níos airde in 2025 agus 2026 ná mar a thoimhdítear sa chonair thagartha. Fágann sin go bhfuil an meánfhás glanchaiteachais i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin níos airde sa phlean ná mar atá de réir thoimhdí an Choimisiúin. Is é is cúis leis an difríocht sin na hionchais maidir le boilsciú níos airde atá sna réamhaisnéisí is déanaí. Toimhdítear i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go mbeidh fás díbhoilsceora OTI i bhfad níos airde in 2025 agus 2026 ná mar a thoimhdítear sa phlean. Dá réir sin, meastar go bhfuil údar cuí leis an toimhde sin.

— Ar an iomlán, is é an toradh atá ar na difríochtaí uile sna toimhdí nuair a ghlactar le chéile iad go bhfuil meánfhás glanchaiteachais an phlean i gcomhréir tríd is tríd leis an gconair thagartha. Cuirfidh an Coimisiún an measúnú thuas ar thoimhdí an phlean san áireamh i measúnuithe amach anseo ar chomhlíontacht leis an gconair ghlanchaiteachais.

Straitéis fhioscach an phlean

(26) De réir na straitéise fioscaí táscaí atá sa phlean, bainfear na gealltanais maidir le glanchaiteachas amach trí bhíthin smacht ar chaiteachas agus méaduithe ar ioncam araon. Tugtar tuairisc sa phlean ar chomhdhlúthú EUR 6,4 billiún (1,3 % de OTI) in 2025 agus EUR 2,3 billiún sa bhreis air sin (0,4 % de OTI) in 2026 i gcomhréir leis an Dréachtphlean Buiséadach le haghaidh 2025 agus 2026. Cé go mbeartaítear gealltanas coigeartaithe línigh, a bheag nó a mhór, leis an gconair ghlanchaiteachais sa phlean, leagtar amach coigeartú fioscach tús-ualaithe sa straitéis fhioscach. Maidir le hioncam, áirítear bearta cánach, ranníocaíochtaí ó chuideachtaí atá cleamhnaithe leis an stát agus atá mar chuid d'earnáil an rialtais, méadú ar íocaíochtaí díbhinne ó chuideachtaí atá cleamhnaithe leis an stát nach cuid d'earnáil an rialtais iad, agus ranníocaíochtaí sóisialta breise ar fiú EUR 2,0 billiún iad in 2025 agus EUR 1,6 billiún sa bhreis air sin in 2026. Maidir le caiteachas, áirítear ar na bearta coigilteas riaracháin, laghdú ar fhóirdheontais agus athchóirithe struchtúracha; is é an luach a bheadh ar an méid sin EUR 5,0 billiún in 2025 agus EUR 1,7 billiún sa bhreis air sin in 2026. Tá sé beartaithe ag an rialtas cónaidhme freisin EUR 0,6 billiún a infheistiú in 2025 agus EUR 1,0 billiún sa bhreis a infheistiú in 2026 chun borradh a chur faoin ngeilleagar agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin i réimsí éagsúla, mar atá an fhostaíocht, an cúram sláinte, an inbhuanaitheacht, an t-oideachas agus an lánpháirtiú. Ina theannta sin, sonraítear sa bhuiséad a ghlac an pharlaimint náisiúnta an 18 Meitheamh 2025 na bearta beartais trína mbainfear amach an gealltanas glanchaiteachais le haghaidh 2025 agus 2026. ([10]) Is sna buiséid bhliantúla a dhearbhófar nó a choigeartófar agus a chainníochtófar sonraíocht na mbeart beartais atá le glacadh ina dhiaidh sin.

Tacar gealltanas athchóirithe agus infheistíochta sa phlean chun bheith mar bhonn taca le síneadh leis an tréimhse coigeartaithe fhioscaigh

(27) Sa phlean, tugann an Ostair gealltanas i leith tacar 14 athchóiriú agus infheistíocht, arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar an acmhainneacht fáis agus ar an inbhuanaitheacht fhioscach, chun bonn taca a chur faoi shíneadh leis an tréimhse coigeartaithe fhioscaigh ó 4 bliana go 7 mbliana.

Tá an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí sin comhdhéanta de ghealltanas amháin ón bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta lena ngabhann sonraíochtaí breise, chomh maith le roinnt athchóirithe agus infheistíochtaí nua. Áirítear leis sin na bearta seo a leanas (féach freisin Iarscríbhinn II):

— Athchóiriú a dhéanamh ar an oideachas agus infheistíochtaí ann: Is é an chéad chéim den bheart gealltanas faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta atá nasctha le comhchuid 3 (téarnamh bunaithe ar eolas) lena n-áirítear teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le critéir a bhunú chun bunlíne shocheacnamaíoch scoileanna a shonrú. Sa dara céim, le 'bónas deiseanna' arna innéacsú go sóisialta, soláthrófar tacaíocht spriocdhírithe do scoileanna aonair. Ar bhonn na gcritéar arna mbunú faoin gcéad chéim, cuirfear cistiú breise ar fáil ar leibhéal na scoile agus beidh faireachán leanúnach ag gabháil leis. Meastar go gcuirfear na príomhchéimeanna chun feidhme sa cheathrú ráithe de 2028, tar éis chur chun feidhme an bhirt sa phlean téarnaimh agus athléimneachta sa cheathrú ráithe de 2025 agus tar éis cistiú a shannadh sa cheathrú ráithe de 2026.

— Athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras cúraim sláinte: Tá sé d'aidhm ag an athchóiriú rannchuidiú le córas cúraim sláinte inbhuanaithe tríd an ráta ranníocaíochta árachais sláinte do phinsinéirí a mhéadú ó 5,1 % go 6 %. Meastar go gcuirfear an dlí chun feidhme sa tríú ráithe de 2025.

— Athchóirithe a dhéanamh ar chóras na bpinsean: Tá sé d'aidhm ag na hathchóirithe an aois scoir iarbhír a mhéadú agus rannchuidiú le hinbhuanaitheacht chóras na bpinsean: (i) leis an athchóiriú ar an gcéad mhéadú pinsin ('Aliquotierung'), simplítear ríomh an chéad mhéadaithe pinsin go 50 % den choigeartú gan beann ar mhí an scoir sa bhliain roimhe sin agus meastar go gcuirfear chun feidhme é faoin gcéad ráithe de 2026, agus (ii) leis an athchóiriú ar luathscor ('pinsean raoin') déantar na coinníollacha incháilitheachta níos doichte tríd an aois scoir íosta agus na blianta ranníocaíochta is gá a ardú agus meastar go gcuirfear chun feidhme go hiomlán é faoin gcéad ráithe de 2029.

— Athchóiriú ar an gcúram leanaí ar ardchaighdeán agus infheistíochtaí ann: Leis an mbeart, tugtar isteach an dara bliain éigeantach de chúram leanaí i naíscoil agus leathnaítear an córas tacaíochta infheistíochta atá ann cheana do bhardais chun saoráidí cúraim leanaí a chur san áireamh. Meastar go gcuirfear an beart chun feidhme faoin tríú ráithe de 2027.

— Athchóirithe ar an margadh saothair agus infheistíochtaí ann: Tá sé d'aidhm ag na bearta an margadh saothair a neartú trí (i) scéim a chruthú a thiocfaidh i gcomharbacht ar shaoire oideachais, arb é is aidhm di deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur ar fáil, go háirithe do dhaoine ar bheagán oiliúna; tagann an t-athchóiriú sin atá beartaithe in ionad leagan níos luaithe de shaoire oideachais ar cuireadh deireadh leis i mí an Mhárta 2025 agus tá coinne leis go gcuirfear chun feidhme é faoin dara ráithe de 2026; (ii) athchóiriú agus digitiú an Chárta 'Dearg-Bán-Dearg', lena rialaítear rochtain ar an margadh saothair do náisiúnaigh tríú tír, a mheastar a chuirfear

([10]) Féach an Tuairim ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2025 maidir le Dréachtphlean Buiséadach na hOstaire.

chun feidhme faoin gcéad ráithe de 2028; agus (iii) athchóiriú ar rialacha maidir le hioncam forlíontach sa chóras sochar dífhostaíochta, atá beartaithe chun aistriú níos tapúla ón dífhostaíocht go dtí an fhostaíocht lánaimseartha a dhreasú, a mheastar a chuirfear chun feidhme faoin gcéad ráithe de 2026.

— Athchóirithe ar an gcóras cánach: Tá sé d'aidhm ag na bearta seo feabhas a chur ar dháileadh an ualaigh cánach tríd an méid a leanas a dhéanamh: (i) an cháin chearrbhachais ar chrannchuir a mhéadú; (ii) an cháin lamháltais agus chearrbhachais ar chrannchuir leictreonacha a mhéadú; (iii) cánachas ar idirbhearta scaire faoi cháin aistrithe réadmhaoine a chomhchuibhiú; (iv) formhuirear athchriosúcháin ar dhíolacháin talún a thabhairt isteach; agus (v) an cháin fondúireachta a mhéadú. Meastar go gcuirfear na bearta chun feidhme faoin gcéad ráithe de 2026.

— Athchóiriú ar an taighde agus ar an bhforbairt: Leis an athchóiriú, beifear in ann sócmhainní doláimhsithe a ghintear go hinmheánach a aithint i gclár comhardaithe cuideachta faoi imthosca sonracha, rud a chuirfidh feabhas ar an rochtain ar mhaoiniú do ghnólachtaí nuálacha, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta. Meastar go gcuirfear an beart chun feidhme faoin gcéad ráithe de 2029.

(28) I gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2024/1263, tá gach athchóiriú agus infheistíocht atá mar bhonn le síneadh leis an tréimhse choigeartúcháin mionsonraithe, tús-ualaithe, faoi cheangal ama agus infhíoraithe go leordhóthanach.

(29) Gealltanais an phlean téarnaimh agus athléimneachta atá mar bhonn leis an síneadh, tá athchóirithe agus infheistíochtaí móra iontu atá dírithe ar fheabhas a chur ar an inbhuanaitheacht fhioscach agus ar acmhainneacht fáis an gheilleagair. Ina theannta sin, tugann an Ostair gealltanas leanúint den iarracht tabhairt faoin athchóiriú le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean fioscach-struchtúrach meántéarmach agus na leibhéil infheistíochta a mhaoinítear go náisiúnta, a baineadh amach le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, a choinneáil (féach thíos, Tábla 5). Déanfar faireachán ar na gealltanais le linn chur chun feidhme an phlean. Dá réir sin, is féidir gealltanais faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur san áireamh maidir le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin dá bhforáiltear le hAirteagal 36(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2024/1263.

(30) Leis an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca leis an síneadh, meastar go gcuirfear feabhas ar acmhainneacht fáis agus athléimneachta gheilleagar na hOstaire ar bhealach inbhuanaithe mar a cheanglaítear le h Airteagal 14(2), pointe (a) de Rialachán (AE) 2024/1263. Luaitear sna meastacháin chainníochtúla atá sa phlean go méadóidh na hathchóirithe an OTI féideartha 0,8 % sa mheántéarma. Leis na hathchóirithe pinsin, ardófar an aois scoir iarbhír agus meastar sa phlean go bhféadfadh sé 11 000 duine a choinneáil níos faide sa lucht saothair. Leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sa mhargadh saothair, meastar go n-ardófar an ráta gníomhaíochta agus go neartófar an lucht saothair. Meastar go dtiocfaidh méadú 10 000 duine eile ar an lucht saothair mar thoradh ar an athchóiriú ar an gcárta 'Dearg-Bán-Dearg'. Tá sé d'aidhm ag an athchóiriú ar na rialacha maidir le hioncam forlíontach sa chóras sochar dífhostaíochta dreasachtaí níos fearr a chruthú chun dul i mbun fostaíochta. Meastar go mbeidh tionchar díreach aige sin ar an OTI féideartha cheana féin thar thréimhse an phlean. Ina theannta sin, meastar go rachaidh bearta lena ndírítear ar an ngairmoiliúint chun tairbhe do tháirgiúlacht oibre. An beart lena dtacaítear le caiteachas ar thaighde agus ar fhorbairt, meastar go mbeidh sé ina thaca le táirgiúlacht na bhfachtóirí uile sa mheántéarma. Meastar go mbeidh tionchar dearfach gearrthéarmach ag athchóirithe agus infheistíochtaí san oideachas agus i gcúram leanaí agus go gcuirfidh siad feabhas ar rannpháirtíocht tuismitheoirí, agus go háirithe máithreacha, sa mhargadh saothair. Thairis sin, san fhadtéarma, rachaidh oideachas níos fearr do leanaí chun tairbhe don tsochaí agus don gheilleagar. Tá sé d'aidhm ag athchóirithe i réimsí an chánachais agus an chúraim sláinte feabhas a chur ar inbhuanaitheacht fhioscach. Na toimhdí maidir leis an tionchar fáis a mheastar a bheidh ag na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh, is cosúil go bhfuil siad stuama agus inchreidte.

(31) An tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca leis an síneadh, meastar go mbeidh sé ina thaca freisin don inbhuanaitheacht fhioscach mar a cheanglaítear le hAirteagal 14(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2024/1263. Measann an rialtas gur 0,4 % de OTI in 2029 a bheidh in éifeacht fhioscach dhíreach fhoriomlán an tacair athchóirithe agus infheistíochtaí. Meastar gur ó bhearta a bhaineann le slándáil shóisialta a chur chun feidhme a thiocfaidh an phríomhéifeacht fhioscach dhíreach, ar bearta iad a rannchuidíonn freisin le haghaidh a thabhairt ar rioscaí maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach arna sainaithint ag an gCoimisiún Eorpach ina Thuarascáil Tíre 2025 maidir leis an Ostair. Tá ionchas ag an rialtas le héifeacht fhioscach dhíreach 0,1 % de OTI a bhaint amach trí ranníocaíochtaí slándála sóisialta a mhéadú do phinsinéirí, 0,2 % de OTI tríd an aois scoir iarbhír a mhéadú agus níos lú ná 0,1 % de OTI trí innéacsú na bpinsean a theorannú go 50 % sa chéad bhliain tar éis dul ar scor. Ina theannta sin, trí chineál nua saoire oideachais a thabhairt isteach agus athchóiriú a dhéanamh ar na rialacha maidir le hioncam forlíontach sa chóras sochar dífhostaíochta, meastar go nginfear éifeacht fhioscach dhíreach níos lú ná 0,1 % de OTI faoi 2029 trí choigilteas ar aistrithe sóisialta agus trí ioncam cánach níos airde mar gheall ar fhostaíocht fheabhsaithe. Meastar go mbeidh bearta i réimse an chánachais ina gcuidiú le bealaí éalaithe a dhúnadh agus éifeacht fhioscach dhíreach 0,1 % de OTI a ghiniúint faoi 2029. Tá bearta eile i réimse an chúraim leanaí agus an oideachais ceaptha chun tacú leis an soláthar saothair agus chun feabhas a chur ar thorthaí oideachais. Tá na bearta sin ina gcuid den phacáiste comhdhlúthaithe fhioscaigh atá achtaithe ag an Ostair faoi láthair, mar a luaitear thuas agus an straitéis fhioscach á cur i láthair aici.

(32) Leis an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca leis an síneadh, tugtar aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais mar a cheanglaítear le hAirteagal 14(2), pointe (c) de Rialachán (AE) 2024/1263. Meastar go rannchuideoidh roinnt beart leis an athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, i gcomhréir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Meastar leis an athchóiriú ar ranníocaíochtaí árachais cúraim sláinte go gcuirfear feabhas ar athléimneacht agus inbhuanaitheacht an chórais cúraim sláinte, agus meastar leis an athchóiriú pinsean go méadófar an aois scoir iarbhír, rud a rachaidh chun tairbhe don soláthar saothair agus d'inbhuanaitheacht fhadtéarmach chóras na bpinsean. Trí athchóirithe a dhéanamh sa chúram leanaí ar ardchaighdeán agus sa mhargadh saothair, meastar go gcuirfear leis an bhfostaíocht. Meastar go gcuirfidh athchóirithe cánach feabhas ar dháileadh an ualaigh cánach. Ina theannta sin, meastar go rannchuideoidh an t-athchóiriú i réimse an taighde agus na forbartha le tosaíochtaí coiteanna uile an Aontais, lena n-áirítear freisin aistriú cóir glas agus digiteach, slándáil fuinnimh agus cumais chosanta, trí thacú le cumas gnólachtaí airgead a thiomsú le haghaidh taighde agus forbartha agus a gcuid gníomhaíochtaí a mhéadú.

(33) Leis an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca leis an síneadh, tugtar aghaidh ar na moltaí tírshonracha ábhartha ([11]) arna n-eisiúint mar chuid den Seimeastar Eorpach, mar a cheanglaítear le hAirteagal 14(2), pointe (d), de Rialachán (AE) 2024/1263. Go háirithe, leis an tacar athchóirithe agus infheistíochta atá mar bhonn taca le síneadh, tugtar aghaidh ar mholtaí tírshonracha a bhaineann leis an méid seo a leanas:

— Beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, dreasachtaí chun oibre agus rannpháirtíocht agus scileanna sa mhargadh saothair (moltaí tírshonracha a eisíodh in 2019, 2020, 2022, 2023, 2024 agus mar a rinneadh arís in 2025) trí oideachas agus cúram éigeantach na luath-óige a leathnú, trí shaoire oideachais a athchóiriú agus tríd an gcárta 'Dearg-Bán-Dearg' chun rochtain ar an margadh saothair a dheonú do náisiúnaigh tríú tír;

— Feabhas a chur ar an meascán cánach (moladh tírshonrach a eisíodh in 2025) trí chánacha ar an gcearrbhachas a ardú i measc cánacha eile;

— Oideachas (moladh tírshonrach a eisíodh in 2019, 2020 agus 2025) trí shíneadh a chur le beart sa phlean téarnaimh agus athléimneachta maidir le cumas na scoileanna aghaidh a thabhairt ar dhúshláin bunaithe ar tháscairí sóisialta a neartú chun feabhas a chur ar chomhdheiseanna;

— Tá sé i gceist le bearta i réimse an chúraim leanaí tacú le rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair agus rannchuidiú le dul i ngleic le treochtaí déimeagrafacha diúltacha, i gcomhréir le moltaí tírshonracha 2025 maidir le fostaíocht agus beartas sóisialta.

(34) Áirithítear leis an bplean go gcoinneofar ar bun leibhéal foriomlán beartaithe na hinfheistíochta poiblí a mhaoinítear go náisiúnta arna réadú ar an meán i gcaitheamh na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, mar a cheanglaítear le hAirteagal 14(4) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Tábla 5: Infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta sa phlean (% de OTI)

Meánleibhéal thar an tréimhse a chumhdaítear leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta (2021 go 2026) ([1])	2025	2026	2027	2028	2029	An meán i gcaitheamh thréimhse an phlean
3,8	3,9	4,1	4,1	4,0	3,9	4,0

([1]) Toimhdítear agus glactar leis go mbeidh forluí idir an dá thréimhse. Tá sé beartaithe go mbeidh feidhm ag an gceanglas chun leibhéal na hinfheistíochta a choinneáil ar bun maidir leis na blianta tar éis dheireadh shaolré na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.

Foinse: Plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na hOstaire.

(35) Ar deireadh, maidir leis an tacar gealltanas um athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh, is féidir a mheas go bhfuil sé comhsheasmhach leis na gealltanais sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus sa Chomhaontú Comhpháirtíochta a comhaontaíodh faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil mar a cheanglaítear le h Airteagal 14(4) de Rialachán (AE) 2024/1263. Tá sé beartaithe na hathchóirithe a bhaineann le pinsin a chur le plean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire i gcomhthéacs athbhreithnithe tar éis an plean a chur isteach.

(36) Mar chonclúid, an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh leis an tréimhse choigeartúcháin, meastar go gcomhlíonann siad na critéir in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2024/1263, nuair a chuirtear le chéile iad. Mar thoradh air sin, féadtar an tréimhse choigeartúcháin a shíneadh ó 4 bliana go 7 mbliana, mar a chuirtear chun tosaigh sa phlean.

([11]) Meastar go bhfuil moladh tírshonrach 'ábhartha' (i) má dhéantar tagairt dó sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta le haghaidh bearta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus (ii) má ghlac an Chomhairle in 2025 é.

Athchóirithe eile agus rúin infheistíochta sa phlean a fhreagraíonn na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus lena dtugtar aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais

(37) Sa bhreis ar an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh leis an tréimhse choigeartúcháin, déantar cur síos sa phlean ar rúin bheartais a bhaineann le hathchóirithe agus infheistíochtaí eile chun na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh a fhreagairt, go háirithe na moltaí tírshonracha, agus chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais. Cuimsítear sa phlean 53 athchóiriú agus infheistíocht, a bhfaigheann ocht gcinn díobh tacaíocht airgeadais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus a bhfaigheann sé cinn díobh tacaíocht airgeadais ó chistí an bheartais comhtháthaithe. Tá athchóirithe agus infheistíochtaí an phlean bunaithe ar dhoiciméad straitéise rialtais atá ann cheana ([12]).

(38) Maidir leis an tosaíocht choiteann d'aistriú cóir glas agus digiteach, lena n-áirítear na cuspóirí aeráide a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119, áirítear sa phlean infheistíochtaí san iompar inbhuanaithe agus i mbonneagar na soghluaisteachta glaise (a áirítear go páirteach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta) atá dírithe ar astaíochtaí a laghdú go háirithe in earnáil an iompair. Meastar go dtabharfar aghaidh leis na bearta sin ar mholtaí tírshonracha 2019, 2020 agus 2025 maidir le hiompar. Ina theannta sin, tá bearta sa phlean atá dírithe ar scileanna digiteacha a fheabhsú, glacadh réiteach digiteach in earnáil na sláinte a mhéadú agus oibriú i dtreo fheidhmiú leathnaithe an leathanbhanda (a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta). Meastar go dtabharfar aghaidh leis na bearta sin ar mholtaí tírshonracha 2019, 2020 agus 2025 maidir leis an mbeartas infheistíochta don aistriú digiteach.

(39) Maidir le tosaíocht choiteann na hathléimneachta sóisialta agus eacnamaíche, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, áirítear sa phlean roinnt beart chun ganntanais scileanna a mhaolú lena ndírítear ar dhaoine éagsúla, dála cuardaitheoirí poist, fostaithe a bhaineann tairbhe as uas-sciliú breise, lucht saothair oilte ar imirce agus oibrithe scothaosta. Ina theannta sin, tá bearta athchóirithe agus infheistíochta sa phlean chun an earnáil cúraim sláinte a neartú (lena n-áirítear cúram othar seachtrach a neartú) agus tá bearta ann lena ndírítear ar oideachas agus cúram na luath-óige a leathnú agus lena neartaítear an córas oideachais le hacmhainní breise, neamhspleáchas scoile méadaithe agus tacaíocht shíceolaíoch (cumhdaítear cuid de na bearta sin freisin sa phlean téarnaimh agus athléimneachta). Chun iomaíochas agus táirgiúlacht gheilleagar na hOstaire a neartú, áirítear sa phlean freisin cruthú straitéise tionsclaíche chomh maith le gealltanais chun rómhaorlathas a laghdú, go háirithe i gcás FBManna. Meastar go dtabharfar aghaidh leis na bearta ar mholtaí tírshonracha 2019, 2020 agus 2025 a bhaineann le beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, dreasachtaí chun oibre agus chun bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair, cúram sláinte, oideachas agus an timpeallacht ghnó.

(40) Maidir le tosaíocht choiteann na slándála fuinnimh, áirítear sa phlean bearta infheistíochta chun slándáil an tsoláthair gáis a áirithiú (píblíne ghais na hOstaire Thiar).

(41) Maidir le tosaíocht choiteann na gcumas cosanta, níl athchóirithe ná infheistíochtaí eile sa phlean ach léirítear ann gur gá infheistíocht a dhéanamh chun na cumais chosanta a neartú.

(42) Cuirtear faisnéis ar fáil sa phlean maidir leis an gcomhsheasmhacht agus, i gcás inarb iomchuí, an chomhlántacht le cistí an bheartais comhtháthaithe agus le plean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire. Léiríonn an plean go hachomair go bhfreagraíonn na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a chuimsítear ann do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus go dtugann siad aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais, sin agus go gcuireann siad le leanúnachas na ngníomhaíochtaí a glacadh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(43) Tugtar forléargas sa phlean ar riachtanais infheistíochta poiblí na hOstaire a bhaineann le tosaíochtaí coiteanna an Aontais. I ndáil leis an aistriú cóir glas agus digiteach, leagtar béim sa phlean ar a riachtanaí atá sé infheistíocht a dhéanamh san fhuinneamh in-athnuaite, i dteicneolaíochtaí aeráide, sa bhonneagar digiteach, agus sa tsoghluaisteacht inbhuanaithe, agus tacaíocht a thabhairt an tráth céanna don bhithéagsúlacht, don gheilleagar ciorclach agus do nuálaíocht na hintleachta saorga. Ina theannta sin, tugtar gealltanas sa phlean maidir le ciste claochlaithe chun tacú le claochlú an gheilleagair, na tionsclaíochta agus na talmhaíochta, agus é d'aidhm aige sin réiteach ilfhreastail a chruthú don tacaíocht uile don chlaochlú. Maidir le hathléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, leagtar béim sa phlean ar a riachtanaí atá sé infheistíocht a dhéanamh sa mhargadh saothair, san oideachas, sa tsláinte agus sa chúram fadtéarmach agus i dtithíocht inacmhainne, agus tacaíocht a thabhairt an tráth céanna do FBManna agus don taighde agus an nuálaíocht chun an táirgiúlacht agus an chobhsaíocht eacnamaíoch a fheabhsú. Ina theannta sin, cruthófar Ciste Cistí chun caipiteal fiontair náisiúnta agus idirnáisiúnta a shlógadh chun rochtain níos fearr ar chaipiteal forbraíochta a éascú do chuideachtaí Ostaracha. Maidir leis an tslándáil fuinnimh, leagtar béim sa phlean ar a riachtanaí atá sé bonneagar fuinnimh a leathnú agus an spleáchas ar ghás na Rúise a laghdú, go háirithe trí thionscadail píblíne gáis agus iarrachtaí leictriúcháin chun soláthar fuinnimh fadtéarmach,

([12]) 'Jetzt das Richtige tun. Für Österreich. Regierungsprogramm 2025-2029', a bhfuil teacht air ag https://www.bundeskanzleramt.gv.at/dam/jcr:8d78b028-70ba-4f60-a96e-2fca7324fd03/Regierungsprogramm_2025-2029.pdf.

iomaíoch agus slán a áirithiú. Maidir le cumais chosanta a fhorbairt, leagtar béim sa phlean ar a riachtanaí atá sé leanúint de chur chun feidhme phlean forbartha fadtéarmach Fhórsaí Armtha na hOstaire, lena n-áiritheofar nuachóiriú agus neartú míleata laistigh de shrianta fioscacha.

Conclúid ar mheasúnú an Choimisiúin

(44) Ar an iomlán, tá an Coimisiún den tuairim go gcomhlíonann plean na hOstaire ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263.

CONCLÚID FHORIOMLÁN NA COMHAIRLE

(45) Is díol sásaimh don Chomhairle plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na hOstaire agus measann sí go gcabhródh a chur chun feidhme iomlán le hairgeadas poiblí fónta a áirithiú agus le inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí chomh maith le fás inbhuanaithe cuimsitheach a chur chun cinn.

(46) Tugann an Chomhairle dá haire measúnú an Choimisiúin ar an bplean. Mar sin féin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún a mheasúnú ar phleananna a chuirfear faoina bráid amach anseo a thíolacadh i ndoiciméad ar leithligh nach ionann é agus an doiciméad ina leagtar síos na moltaí ón gCoimisiún le haghaidh moltaí ón gComhairle.

(47) Tugann an Chomhairle dá haire measúnú an Choimisiúin ar an gconair ghlanchaiteachais agus na príomhthoimhdí maicreacnamaíocha sa phlean, lena n-áirítear i ndáil leis an treoir a thug an Coimisiún roimh ré, chomh maith leis na himpleachtaí a bhaineann le conair ghlanchaiteachais an phlean i ndáil le heasnamh agus fiachas rialtais. Tugann an Chomhairle dá haire go measann an Coimisiún go bhfuil údar cuí ar an iomlán leis na toimhdí maicreacnamaíocha agus fioscacha, cé go bhfuil siad éagsúil i gcásanna áirithe le toimhdí an Choimisiúin de bharr sonraí maicreacnamaíocha agus fioscacha nuashonraithe a bheith á gcur san áireamh, agus go bhfuil argóintí eacnamaíocha fónta mar bhonn taca leo. Tugann an Chomhairle dá haire straitéis fhioscach leathan an phlean agus na rioscaí don ionchas, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar theacht chun cinn an cháis mhaicreacnamaíoch a thuartar sa phlean agus na dtoimhdí is bonn leis sin agus ar sheachadadh chonair ghlanchaiteachais an phlean. Go háirithe, is díol sásaimh don Chomhairle freisin go ndeachthas i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha sular tíolacadh an plean. Tugann an Chomhairle dá haire freisin go bhféadfadh rioscaí geopholaitiúla brú a chur ar chaiteachas cosanta.

(48) Tá an Chomhairle ag súil go mbeidh an Ostair réidh chun a straitéis fhioscach a choigeartú de réir mar is gá chun a conair ghlanchaiteachais a áirithiú. Tá rún daingean ag an gComhairle dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí eacnamaíocha agus fioscacha, lena n-áirítear iad siúd is bonn leis an gcás a thuartar sa phlean.

(49) Measann an Chomhairle go bhfuil gá le tuilleadh plé chun teacht ar chomhthuiscint maidir leis na himpleachtaí bliantúla faireachais a bhaineann leis na rátaí fáis carnacha glanchaiteachais in am don chéad bhabhta eile den fhaireachas fioscach.

(50) Formhuiníonn an Chomhairle na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta a thíolaic an Ostair ina plean meántéarmach atá mar bhonn taca faoi shíneadh na tréimhse coigeartúcháin agus is díol sásaimh di na hiarrachtaí chun an tionchar ar an bhfás agus ar an inbhuanaitheacht fhioscach a chainníochtú. Aontaíonn an Chomhairle leis an gCoimisiún go dtugann an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí a thíolaic an Ostair údar le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin ó 4 bliana go 7 mbliana. Tugann an Chomhairle dá haire measúnú an Choimisiúin go gcomhlíonann an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca leis an síneadh critéir Airteagal 14 ina n-iomláine, agus foráil idirthréimhseach Airteagal 36 (1d) de Rialachán (AE) 2024/1263 á cur san áireamh freisin. Tugann an Chomhairle dá haire measúnú an Choimisiúin go meastar go gcuirfidh na gealltanais maidir le hathchóiriú agus infheistíocht feabhas ar acmhainneacht fáis agus athléimneacht an gheilleagair ar bhealach inbhuanaithe agus go dtacóidh siad leis an inbhuanaitheacht fhioscach. Molann an Chomhairle don Ostair na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta a chur chun feidhme ina n-iomláine chun síneadh na tréimhse coigeartúcháin a chaomhnú.

(51) Tugann an Chomhairle dá haire an tuairisc ón gCoimisiún ar na riachtanais agus na rúin i ndáil le hathchóirithe agus infheistíochtaí, sa bhreis ar an measúnú ar an tacar athchóirithe agus gealltanas infheistíochta atá mar bhonn taca le síneadh leis an tréimhse choigeartúcháin, a fhreagraíonn na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcuirfear na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin i gcrích. Déanfaidh an Chomhairle, ar bhonn tuarascálacha a thíolacfaidh an Coimisiún, measúnú ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin agus déanfaidh sí faireachán ar a gcur chun feidhme faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh.

(52) Tá an Chomhairle ag tnúth leis na tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn ón Ostair ina mbeidh, go háirithe, faisnéis faoin dul chun cinn i gcur chun feidhme na conaire glanchaiteachais mar a leag an Chomhairle síos í, agus faoi chur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí i gcoitinne i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, chomh maith le cur chun feidhme an tacair athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh leis an tréimhse choigeartúcháin.

(53) I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1263, ba cheart don Chomhairle an chonair ghlanchaiteachais, mar a leagtar amach sa phlean í, a mholadh don Ostair, agus ba cheart an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh leis an tréimhse choigeartúcháin go 7 mbliana a fhormhuiniú.

AG MOLADH LEIS SEO don Ostair:

1. A áirithiú nach sáróidh an fás glanchaiteachais na huasmhéideanna a bhunaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Moladh seo.

2. An tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca leis an síneadh leis an tréimhse coigeartaithe fhioscaigh go 7 mbliana a chur chun feidhme, mar a shainítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Moladh seo iad, faoi na sprioc-amanna a léirítear.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Iúil 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. LOSE

IARSCRÍBHINN I

Uasrátaí fáis ghlanchaiteachais

(rátaí fáis bliantúla agus carnacha, i dtéarmaí ainmniúla)

An Ostair

Blianta		2025	2026	2027	2028	2029
Rátaí fáis (%)	Bliantúil	2,6	2,2	2,2	2,0	2,3
	Carnach (*)	2,6	4,8	7,2	9,4	11,9

(*) Ríomhtar na rátaí fáis carnacha faoi threoir na bonnbhliana 2024. Baintear úsáid as na rátaí fáis carnacha san fhaireachán bliantúil ar chomhlíonadh ex post sa chuntas rialaithe.

IARSCRÍBHINN II

Tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin go 7 mbliana

Athchóiriú / infheistíocht	Príomhchuspóir	Tuairisc agus uainiú na bpríomhchéimeanna	Táscaire (Táscairí) faireacháin
Oideachas ('Bónas deiseanna') (Beart 91a sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus cur leis an mbeart sa phlean téarnaimh agus athléimneachta)	Feabhas a chur ar rochtain ar oideachas trí thacaíocht leathnaithe scoile arna héagsúlú de réir táscairí sóisialta	Céim 1: Garsprioc 91a faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme faoi R4 2025 Céim 2: Sannadh cistiúcháin faoi R1 2026 Céim 3: An chéad tuarascáil faireacháin ón Aireacht Oideachais maidir le rolladh amach an bhónais deiseanna (bliain scoile 2026/27) faoi R4 2028	Céim 1: Comhlíonadh sásúil gharspriocanna 91a den phlean téarnaimh agus athléimneachta Céim 2: Cistiú feidearálach le haghaidh bónas deiseanna a áirítear sa bhuiséad le haghaidh 2026 Céim 3: Tuarascáil faireacháin ar chur chun feidhme an bhónais deiseanna.
Árachas sláinte (beart nua)	Ranníocaíocht árachais sláinte do phinsinéirí a mhéadú ó 5,1 % go 6 %	Chur chun feidhme an dlí faoi R3 2025	Teacht i bhfeidhm an dlí lena méadaítear ranníocaíochtaí árachais sláinte do phinsinéirí
Méadú na gcéad phinsean ('Aliquotierung') (beart nua)	Teorainn a chur leis an gcéad mhéadú pinsin go 50 % den choigeartú pinsin ginearálta sa chéad bhliain tar éis dul ar scor	Chur chun feidhme an dlí faoi R1 2026	An chéad mhéadú pinsin ag 50 % den choigeartú ginearálta a cuireadh i bhfeidhm i mí Eanáir 2026 maidir le daoine a chuaigh ar scor in 2025
Méadú ar aois scoir iarbhír ('Pinsean raoin') (beart nua)	Aois luathscoir a ardú ó 62 bhliain go 63 bliana d'aois; méadú ar mhíonna ranníocaíochta riachtanacha ó 480 go 504	Céim 1: An dlí a ghlacadh faoi R3 2025 Céim 2: Cur chun feidhme an dlí. Is é 63 bliana an aois iontrála dhlíthiúil chun dul ar luathscor ('Pinsean raoin') faoi R2 2027 Céim 3: Cur chun feidhme an dlí. Is í 504 mhí an tréimhse árachais is gá le haghaidh luathscoir faoi R1 2029	Céim 1: Dlí arna ghlacadh ag an bparlaimint Céim 2: Is é 63 bliana aois iontrála dhlíthiúil an 'phinsin raoin' Céim 3: Is í 504 mhí an tréimhse árachais is gá chun dul ar 'pinsean raoin'

Athchóiriú / infheistíocht	Príomhchuspóir	Tuairisc agus uainiú na bpríomhchéimeanna	Táscaire (Táscairí) faireacháin
Oideachas agus cúram na luath-óige (beart nua)	An dara bliain éigeantach naíscoile a thabhairt isteach	Céim 1: Leithdháileadh cistiú breise le haghaidh Länder (stáit chónaidhme) ón mbuiséad cónaidhme faoi R1 2026 Céim 2: Cuirtear an dara bliain naíscoil chun feidhme sna Länder uile faoi R3 2027	Céim 1: Foráil bhuiséadach maidir le cistiú feidearálach Céim 2: An dara bliain den naíscoil curtha chun feidhme sna Länder uile trí chomhaontú 15a idir an leibhéal feidearálach agus Länder
An margadh saothair — saoire oideachais (beart nua)	Rialáil nua ar shaoire oideachais chun tacú le hoiliúint shonrach atá ábhartha do chuideachtaí agus atá dírithe ar oibrithe ar bheagán oiliúna a fhaigheann cistiú poiblí	Céim 1: An dlí a ghlacadh faoi R1 2026 Céim 2: Cur chun feidhme an dlí faoi R2 2026	Céim 1: Dlí arna ghlacadh ag an bparlaimint Céim 2: Teacht i bhfeidhm saoire oideachais
An margadh saothair - rochtain ag náisiúnaigh tríú tír ar an margadh (cárta 'Dearg-Bán-Dearg') (beart nua)	Athchóiriú agus digitiú an chárta 'Dearg-Bán-Dearg' lena dtugtar rochtain ar an margadh saothair do náisiúnaigh tríú tír (e.g., próiseas mear le haghaidh taighdeoirí iardhochtúireachta agus oibrithe cúraim)	Cur chun feidhme an dlí lena n-athchóirítear na critéir is bonn leis an gcárta 'Dearg-Bán-Dearg' agus digitiú an chárta 'Dearg-Bán-Dearg' faoi R1 2028	Teacht i bhfeidhm na gcritéar athchóirithe agus digitiú an chárta 'Dearg-Bán-Dearg'
Athchóiriú ar shochair dhífhostaíochta (beart nua)	Deireadh a chur leis an deis ioncam forlíontach a thuilleamh agus sochair dhífhostaíochta á bhfáil (cé is moite d'eisceachtaí); tá sé beartaithe dreasacht a sholáthar chun aistriú níos tapúla ón dífhostaíocht go dtí fostaíocht lánaimseartha	Chur chun feidhme an dlí faoi R1 2026	Teacht i bhfeidhm chealú na féidearthachta ioncam forlíontach a thuilleamh agus sochair dhífhostaíochta á bhfáil ag an am céanna (cé is moite d'eisceachtaí)
Cáin chrannchuir (beart nua)	Cáin chearrbhachais ar chrannchuir a ardú ó 16 % go 17,5 %	Cur chun feidhme an dlí (dlí a ghabhann leis an mbuiséad) faoi R1 2026	Teacht i bhfeidhm an dlí lena méadaítear cáin chearrbhachais ar chrannchuir
Cáin lamháltais agus crannchuir le haghaidh crannchuir leictreonacha (beart nua)	Cáin lamháltais agus cearrbhachais chrannchuir leictreonacha a ardú ar ó 40 % go 45 %	Cur chun feidhme an dlí (dlí a ghabhann leis an mbuiséad) faoi R1 2026	Teacht i bhfeidhm an dlí lena méadaítear lamháltais agus cáin chearrbhachais ar chrannchuir leictreonacha
Idirbhearta scaire maidir le cánachas réadmhaoine (beart nua)	Deireadh a chur leis an bhféidearthacht go rachfaí timpeall ar cháin aistrithe réadmhaoine trí 'idirbhearta scaireanna'; má aistrítear 75 % nó níos mó de na scaireanna i gcuideachta is úinéir réadmhaoin, tiocfaidh cáin ar aistriú réadmhaoine chun bheith dlite	Cur chun feidhme an dlí (dlí a ghabhann leis an mbuiséad) faoi R1 2026	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir leis an teagmhas inchánach i gcás athruithe ar scairshealbhóirí agus cumaisc scaireanna chun críocha réadmhaoine

Athchóiriú / infheistíocht	Príomhchuspóir	Tuairisc agus uainiú na bpríomhchéimeanna	Táscaire (Táscairí) faireacháin
Cánachas réadmhaoine - gnóthachain a bhaineann le hathrú criosúcháin (beart nua)	Formhuirear criosúcháin 30 % a thabhairt isteach ar ghnóthachain ó athaicmiú talún ag an díolphointe trí cháin ghnóthachan caipitiúil	Cur chun feidhme an dlí (dlí a ghabhann leis an mbuiséad) faoi R1 2026	Teacht i bhfeidhm dlí lena dtugtar isteach formhuirear aistrithe réadmhaoine
Cáin ar thabhartais d'fhondúireachtaí (beart nua)	An ráta cánach le haghaidh tabhartais d'fhondúireachtaí a ardú ó 2,5 % go 3,5 %	Cur chun feidhme an dlí (dlí a ghabhann leis an mbuiséad) faoi R1 2026	Teacht i bhfeidhm an dlí lena méadaítear an ráta cánach ar thabhartais d'fhondúireachtaí
Taighde agus Forbairt — costais T&F arna bhforbairt go hinmheánach a chaipitliú (beart nua)	Aitheantas sócmhainní doláimhsithe a ghintear go hinmheánach a cheadú sa chlár comhardaithe faoi imthosca sonracha	Céim 1: An dlí a ghlacadh faoi R4 2027 Céim 2: Cur chun feidhme an dlí faoi R1 2029	Céim 1: Dlí arna ghlacadh ag an bparlaimint Céim 2: Tá feidhm ag an dlí maidir le blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2028 nó ina dhiaidh sin. Nochtfar na ráitis airgeadais bhliantúla chomhfhreagracha an bhliain dár gcionn